Stoirmeacha na bliana

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na stoirmeacha a bhí againn sa tír seo le cúpla mí anuas. An bhfuil na focail seo, a bheidh le cloisteáil sa mhír, ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- cumhacht
- córas ainmnithe
- aibhléis
- siotaí gaoithe
- d'eisigh
- códú foláireamh aimsire
- díol míosa
- athrú aeráide
- ag teacht le
- tuartha

An bhfuil focal eile agat atá comhchiallach leis an bhfocal ***aibhléis***?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, déan féin agus an duine in aice leat cur síos ar na stoirmeacha a bhuail an tír ó mhí na Samhna.

Ceist 3 **A.** Anois, féach ar an mír den chéad uair agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoi na stoirmeacha a luadh inti.

Abigail	
Barney	
Clodagh	
Desmond	
Eva	
Frank	
Gertrude	
Henry	

B. Cad a bhí le rá ag Micheál Ó Cinnéide faoi na stoirmeacha?

Ceist 4 Súil siar ar na míonna.

'de mhí na Samhna'

Scríobh amach na míonna ar fad, mar atá sa sampla thuas. Tá an chéad cheann déanta duit.

de mhí Eanáir

___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____

Ceist 5 Seo cuid de na huimhreacha ar fad a luadh sa mhír. Scríobh amach i bhfocail iad.

700 custaiméir
an 8ú stoirm
3 (mí)
12/11 [dáta/mí]
45,000 duine
30ú
6,000 duine
29ú

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Ar chuir na stoirmeacha ar fad isteach ar do shaol pearsanta féin?
2. Déan cur síos ar an damáiste ar fad a rinneadh fud fad na tíre de bharr na stoirmeacha.
3. An bhfuil baint ag na stoirmeacha le hathrú aeráide, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
cumhacht – *power*
córas ainmnithe – *naming system*
aibhléis – *electricity*
siotaí gaoithe – *gusts of wind*
d'eisigh – *released*
códú foláireamh aimsire – *weather alert coding*
díol míosa – *a month's amount*
athrú aeráide – *climate change*
ag teacht le – *consistent with, agrees with*
tuartha – *predicted*

**leictreachas*

Ceist 2
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 3
Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh ar an méid a d'éirigh leo a thabhairt leo tar éis na chéad éisteachta.

Ceist 4
de mhí Eanáir
de mhí Feabhra
de mhí an Mhárta
de mhí Aibreáin
de mhí na Bealtaine
de mhí an Mheithimh
de mhí Iúil
de mhí Lúnasa
de mhí Mheán Fómhair
de mhí Dheireadh Fómhair
de mhí na Samhna
de mhí na Nollag

Ceist 5
700 custaiméir – seacht gcéad custaiméir
an 8ú stoirm – an t-ochtú stoirm
3 (mí) – trí mhí
12/11 – an dara lá déag de mhí na Samhna
45,000 duine – ceathracha a cúig míle duine ***nó*** daichead a cúig míle duine
30ú – an tríochadú lá
6,000 duine – sé mhíle duine
29ú – an naoú lá fichead ***nó*** an naoú lá is fiche

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá seacht gcéad custaiméir gan chumhacht san iarthuaisceart inniu mar gheall ar stoirm Henry. Seo í an t-ochtú stoirm sa tír ó mhí na Samhna. Caitheann Sinéad Ní Neachtain anois súil siar ar na stoirmeachaí[1] atá caite le trí mhí anuas.

Sinéad Ní Neachtain
Go dtí seo, tá an tír seo buailte ag ocht stoirm ó tháinig stoirm Abigail i dtír ar an dara lá déag de mhí na Samhna. Ba í an chéad stoirm a bhuail an tír ó cuireadh tús leis an gcóras ainmnithe de chuid Met Éireann agus Oifig Met Shasana. Cúig lá ina dhiaidh sin, tháinig Barney, stoirm a d'fhág ceathracha a cúig míle duine gan cumhacht aibhléise. An tríochadú[2] lá den mhí chéanna, tháinig Clodagh agus thug sí siotaí gaoithe suas go céad ciliméadar san uair. Ach ba í stoirm Desmond, a bhuail ar an tríú lá de mhí na Nollag, a rinne an damáiste is mó. D'eisigh Met Éireann stádas dearg, an chéad uair riamh a rinneadh a leithéid ó cuireadh tús le códú foláireamh aimsire. Thit díol míosa de bháisteach i dtríocha a sé uair[3]. Bhí na mílte tigh[4] faoi uisce. Oíche Nollag a tháinig Eva; fágadh sé mhíle duine gan cumhacht aibhléise. Ansin ar an naoú lá fichead de Nollaig, bhuail stoirm Frank an tír. Dúnadh bóithre agus cuireadh seoltaí ar ceal. Bhí faoiseamh beag ann go dtí deireadh mhí Eanáir nuair a tháinig Gertrude i dtír le gálaí a chuir bac ar eitiltí as Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Ciarraí.

Sinéad Ní Neachtain
Agus inniu, tá Henry tagtha i tír anseo i nGaillimh le siotaí gaoithe suas ar chéad tríocha ciliméadar san uair in áiteachaí[5]. Ardaíonn líon na stoirmeacha seo ceisteanna maidir le hathrú aeráide agus an bhfuil aon cheangal eatarthu?

Micheál Ó Cinnéide, Ollamh Emeritus le Tíreolaíocht, OÉ Gaillimh
Ní féidir bheith cinnte riamh gur athrú aeráide atá i gceist. Ach, is cinnte...rud amháin is féidir linn a rá go cinnte ná go bhfuil an stoirmiúlacht bhreise seo agus na gaoithe láidre, na tonnta móra, an bháisteach throm ag teacht go díreach leis an méid atá tuartha ag na saineolaithe le blianta beaga anuas.

Sinéad Ní Neachtain
Is í Imogen an chéad cheann eile ar an liosta agus an-chuid eile ar ndóigh amach romhainn.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

[1] *stoirmeacha* an leagan caighdeánach
[2] *an tríochú* a deirtear
[3] *i sé huaire is tríocha* an leagan caighdeánach
[4] *teach* an leagan caighdeánach
[5] *áiteanna* an leagan caighdeánach